

Cluastuiscant

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Treoracha

- Tá 60 soicind agat leis an cheist thíos a léamh sula ndéantar an mhír a sheinm.
- Déanfar an mhír a sheinm uair amháin.
- Nuair a bheidh an mhír cloiste agat ba cheart duit an cheist a fhreagairt.
- Ansin tógfaidh an féitheoir an leathanach uait.

Ceist 1

Tá tú ag lorg eolais faoin fhoilsitheoirreacht le haghaidh aiste a scríobh. D'aimsigh tú píosa cainte leis an fhoilsitheoir Caoilfhionn Nic Pháidín ar an Idirlón agus tá tú chun éisteacht leis go tapa chun a chinntíú go mbeidh sé oiriúnach duit.



10 / marc

Léigh an cheist thíos. Anois, éist leis an phíosa cainte. Cloisfidh tú an píosa uair amháin.

Cad é príomhthéama a cuid cainte? Cuir tic leis an ráiteas *is fearr a oireann*.

1. Easpa ábhar léitheoireachta sa Ghaeilge.
2. Easpa scileanna litearthachta.
3. Stair na léitheoireachta sa Ghaeilge.
4. Iarrachtaí le daoine a chur ag léamh i nGaeilge.

Cluastuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Treoracha

- Tá **60 soicind** agat leis na ceisteanna thíos a léamh.
- Déanfar an mhír a sheinm uair amháin.
- Ba cheart duit na ceisteanna a fhreagairt le linn duit a bheith ag éisteacht leis an mhír.
- Ansin beidh **dhá nóiméad** agat le do chuid freagraí a sheiceáil.
- Ansin tógfaidh an féitheoir an leathanach uait.

Ceist 2

*Anois, cloisfidh tú an phíosa cainte le Caoilfhionn
Nic Pháidín uair amháin eile. Éist leis an phíosa
agus freagair na ceisteanna thíos.*



12 / marc

1. Dar le Caoilfhionn, cén uair a tháinig méadú ar scileanna litearthachta in Éirinn?

2. Luann sí An tAthair Peadar, údar ‘Séadna’. Cén fáth?

3. ‘Cáineann Caoilfhionn lucht athbheochana na Gaeilge mar níor éirigh leo pobal mór léitheoirí a chruthú.’ An bhfuil an ráiteas sin:

Fíor
Bréagach

4. Luaitear nós neamhghnách maidir le nuachtán Ghaeilge sa Ghaeltacht. Cad é an nós sin?

5. Cad é ba mhaith le Caoilfhionn?

- Nach mbeadh téacsanna litríochta ar shiollabas na meánscoile.
- Go mbeadh dearcadh eile ag daoine maidir le léitheoireacht i nGaeilge.
- Go gcuirfeadh ollscoileanna ábhar níos éadromiú ar na siollabais.

6. Cén fáth a bhfuil litríocht na Slóivéine, na Spáinne agus na Danmhairge i mbaol, dar léi?

- Níl scríbhneoirí nua ag teacht chun cinn.
- Tá fadhbanna litearthachta acu.
- Bíonn éileamh mór ar shaothair Bhéarla.

Cluastuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Treoracha

- Tar éis duit an mhír a chloisteáil uair amháin tabharfaidh an féitheoir an leathanach seo ar a bhfuil na ceisteanna duit.
- Tá **60 soicind** agatanois leis na ceisteanna a léamh.
- Déanfar an mhír a sheinm uair amháin eile ansin.
- Ba cheart duit na ceisteanna a fhreagairt le linn duit a bheith ag éisteacht leis an mhír.
- Ansin beidh **dhá nóiméad** breise agat le do chuid freagraí a sheiceáil.
- Ansin tógaidh an féitheoir an leathanach uait.

Ceist 3

*Cloisfidh tú Greg Ó Braonáin, scríbhneoir scripte
leis an sobaldráma Ros na Rún, á chur faoi
agallamh. Éist leis an agallamh agus freagair na
ceisteanna thíos.*



12 / marc

1. Cén chaoi a léiríonn Greg go dtógaí sé tamall maith an sobaldráma a chur le chéile?

2. Luann Greg na scríbhneoirí agus **dhá ghrúpa eile** a bhíonn ag plé le scéalta Ros na Rún ag túis na bliana. Cén dá ghrúpa eile?
(i) _____
(ii) _____
3. Bíonn ar na scríbhneoirí a bheith cinnte de rud áirithe gach seachtain. Cad é?

4. Luaigh difríocht amháin a luann Greg idir sobaldrámaí agus gnáthdhrámaí.

5. ‘Ba bhreá le Greg am saor a bheith aigeanois le tosú ar script nua fadscannáin.’ An bhfuil an ráiteas sin:
 - Fíor
 - Bréagach
 - Ní deirtear

6. Cén cur síos is fearr ar Greg mar scríbhneoir? Cuir tic leis an ráiteas is **fearr a oireann**:

- Is scríbhneoir teilifíse amach is amach é.
- Tá aitheantas áirithe bainte amach aige cheana féin.
- Bíonn sé ag oiliúint scríbhneoirí eile.

Cluastuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Treoracha

- Tar éis duit an mhír a chloisteáil uair amháin tabharfaidh an féitheoir an leathanach seo ar a bhfuil na ceisteanna duit.
- Tá **60 soicind** agatanois leis na ceisteanna a léamh.
- Déanfar an mhír a sheinm uair amháin eile ansin.
- Ba cheart duit na ceisteanna a fhreagairt le linn duit a bheith ag éisteacht leis an mhír.
- Ansin beidh **dhá nóiméad** breise agat le do chuid freagraí a sheiceáil.
- Ansin tógfaidh an féitheoir an leathanach uait.

Ceist 4

Léigh na ceisteanna thíos. Anois, cloisfidh tú mír nuachta faoi dréachtphelean do Chontae Chiarraí agus faoi chúrsaí forbartha sa Daingean.

12 / marc

1. Cé chomh fada is a bheidh an dréachtphelean á phlé ag na comhairleoirí contae?

2. Cé acu de na cuspóirí seo **nach** luaitear sa dréachtphelean?

- Deiseanna fostáiochta a sholáthar don phobal áitiúil.
- Cuairteoirí a mhealladh ar shlí nach ndéanfaidh aon dochar don áit.
- Áiseanna taistil a chur ar fáil sa cheantar.

3. Conas a d'ainneadh cuairteoirí gur i gCiarraí atá siad, dar le Seán?

4. Cén leigheas atá ag Seán ar fhadhbanna tithíochta an cheantair? Cuir tic leis an ráiteas **is fearr** a oireann.

- Tithe nua a thógáil sa cheantar timpeall an Daingin seachas sa bhaile féin.
- Cosc ar thithe nua a bheith luaite i ndréachtphelean an chontae.
- A chinntíú go mbeidh cónaí sna tithe atá ann cheana.

5. Níl Seán ionlán sásta leis an fhoinsse eolais atá aige maidir le cúrsaí tithíochta. Cén fáth?

6. Cén locht **is mó** atá ag Seán ar an dréachtphelean? Cuir tic leis an ráiteas **is fearr** a oireann:

- Nach raibh pobal agus polaiteoirí páirteach in ullmhú an phlean.
- Nach ndearnadh aon mheasúnú riagh ar riachtanais an Daingin.
- Nach gcuirtear na moltaí i ngníomh.

Teastas Eorpach na Gaeilge
Scrúdú Samplach: Ardleibhéal 1 (C1)

Páipéar garbh (an scrúdú cluastuisceana)